wwetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman
Waterford and Wexford Education and Training Board

# Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, is é beartas Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman sábháilteacht, sláinte agus leas gach baill foirne ag an obair a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún, agus mic léinn, foghlaimeoirí, cuairteoirí, conraitheoirí agus daoine eile ar ár n-áitribh a chosaint ar dhíobháil agus ar dhrochshláinte a eascraíonn as aon ghníomhaíocht oibre. Chun an beartas seo a chur chun feidhme go rathúil, teastóidh lántacaíocht agus comhoibriú gníomhach ó gach ball foirne, conraitheoir agus cuairteoir ar ár bhfoirgnimh.

Chun na cuspóirí sábháilteachta, sláinte agus leasa atá againn a bhaint amach, baineann an Bord Oideachais agus Oiliúna úsáid as meascán de Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach agus de Ráiteas Sábháilteachta caighdeánaithe atá sonrach don áit oibre chun breac-chuntas a thabhairt ar an gcur chuige foriomlán i leith sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú ar fud ár n-eagraíochta.

Aithnítear gur ceanglais reachtacha iad bearta sainaithint guaiseacha, bearta measúnú riosca agus bearta rialaithe agus nach mór don fhostóir na bearta sin a dhéanamh chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach baill foirne a chinntiú.

Mar fhostóir, gabhann an Bord Oideachais agus Oiliúna air féin na nithe seo a leanas a dhéanamh, a mhéid is indéanta le réasún:

a) cur chun cinn a dhéanamh ar chaighdeáin sábháilteachta, sláinte agus leasa a chomhlíonann forálacha agus ceanglais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus píosaí reachtaíochta, caighdeáin agus cóid chleachtais ábhartha eile;
b) faisnéis, oiliúint, teagasc agus maoirseacht a sholáthar, nuair is gá, chun baill foirne a chumasú a gcuid oibre a chur i gcrích ar shlí shábháilte éifeachtach;
c) spéis sheasta leantach a choinneáil i nithe sábháilteachta agus sláinte;
d) feabhas leanúnach a chur ar an gcóras atá i bhfeidhm le haghaidh sábháilteacht agus sláinte cheirde a bhainistiú agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an gcóras sin chun a chinntiú go mbíonn sé fós ábhartha, cuí agus éifeachtach;
e) dul i gcomhairle le baill foirne ar nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair;
f) na hacmhainní riachtanacha a sholáthar chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach duine a bhfuil dualgas cúraim air ina leith a chinntiú, lena n-áirítear baill foirne, mic léinn, conraitheoirí agus cuairteoirí.

Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna tiomanta do ról gníomhach a imirt i gcur chun feidhme an bheartais sábháilteachta agus sláinte ceirde seo agus gabhann sé air féin an beartas a athbhreithniú agus a leasú i bhfianaise aon athruithe i reachtaíocht, in eispéiris agus i bhforbairtí ábhartha eile.

Sínithe: Caoimhín Ó Lobhaois — Dáta: 30/05/2023

Caoimhín Ó Lobhaois
Príomhfheidhmeannach